

Trádáil Idirnáisiúnta | Nótaí H1

Is éard is trádáil idirnáisiúnta ann ná iompórtáil agus easpórtáil earraí ar fud na cruinne.

Allmhairí (Iompórtálacha)

Cén fáth a n-iompórtálaimid?

Uaireanta iompórtáiltear earraí isteach go hÉirinn toisc nach bhfuil na hamhábhair riachtanacha againn, ola mar shampla. Tugann earra iompórtáilte rogha níos fairsinge do thomhaltóirí chomh maith. Ní féidir roinnt earraí, cosúil le torthaí áirithe a fhás in Éirinn.

Iompórtálacha Sofheicthe

Is earraí iad seo a cheannaítear ó thíortha eile agus a thugtar go hÉirinn, gluaisteáin mar shampla.

Iompórtálacha Dofheicthe

Is seirbhísí iad seo a cheannaítear ó thíortha eile agus a thugtar go hÉirinn, mar shampla ceolchoirm Ed Sheeran i bPáirc an Chrócaigh.

Onnmhairí (Easpórtálacha)

Cén fáth a n-easpórtálaimid?

Ligeann easpórtálacha do ghnólachtaí níos mó earraí a dhíol. Ardaíonn sé seo an ráta fostaíochta, agus laghdaíonn sé íocaíochtaí leas sóisialta.

Easpórtálacha Sofheicthe

Is earraí iad seo a dhíolann Éire le tíortha eile.

Easpórtálacha Dofheicthe

Is seirbhísí iad seo a dhíolann Éire le tíortha eile.

Comhardú na Trádála

Easpórtálacha Sofheicthe - Iompórtálacha Sofheicthe

Comhardú na nÍocaíochtaí

Iomlán na nEaspórtálacha - Iomlán na nIompórtálacha

Bacainní ar Thrádáil

Táille/Taraif

Is éard is taraif ann ná cáin ar iompórtálacha. Bailíonn rialtais taraifí chun méid na n-iompórtálacha a laghdú, agus mar spreagadh do dhaoine chun earraí a cheannach óna dtír dhúchais. Ardaíonn taraifí ioncam cánach na tíre chomh maith. Ardaíonn taraifí praghas na n-earraí do thomhaltóirí.

Cuóta

Is éard is cuóta ann ná teorainn ar an méid iompórtálacha d'earra áirithe.

Trádbhac

Tarlaíonn trádbhac nuair a chinneann tíortha gan trádáil le tíortha áirithe. Tarlaíonn sé seo le linn tréimhse ina mbíonn streachailt pholaitiúil ann de ghnáth, le linn Ghluaiseacht na Cinedheighilte mar shampla.

Fóirdheontas

Is éard is fóirdheontas ann airgead a thugann an rialtas do ghnólachtaí chun cabhrú leo earraí a dhíol sa mhargadh. Cabhraíonn fóirdheontais le gnólachtaí praghas a gcuid earraí a íslú.